Cuir an cupán ar an mbord. 1.

> Chuir mé an cupán ar an mbord. Ar chuir tú an cupán ar an mbord? Nár chuir tú an cupán ar an mbord?

Chuir.

Níor chuir.

2. Cár chuir tú an cupán? Chuir mé ar an mbord é.

> Cár chuir tú an ghloine? Chuir mé sa chistin í.

Ar fhág tú an cupán ar an urlár? **3.** D'fhág/Níor fhág

Ar ól tú an bainne?

D'ól/Níor ól.

Ar ith tú an t-úll? D'ith/Níor ith.

Níor ith mé é. D'ith Seán é. Níor ith mé rud ar bith.

4. Cad a rinne tú inniu?

> D'éirigh mé ar maidin. go moch (ar maidin) go déanach

D'ith mé arán le h-im. D'ól mé cupán tae. D'oscail mé an doras.

Chuaigh mé amach. Dhún mé an doras.

D'fhág mé an teach.

Shiúil mé sa pháirc.

Put the cup on the table.

I put the cup on the table.

Did you put the cup on the table? Didn't you put the cup on the table?

Yes (put).

No (didn't put).

Where did you put the cup?

I put it on the table.

Where did you put the glass?

I put it in the kitchen.

Did you leave the cup on the floor?

Yes/No.

Did you drink the milk?

Yes/No.

Did you eat the apple?

Yes/No.

I didn't eat it. John ate it.

I didn't eat anything.

What did you do today?

I woke up in the morning early (in the morning)

late

I ate bread with butter. I drank a cup of tea. I opened the door.

I went out.

I closed the door. I left the house.

I walked in the park.

inniu	today	aréir	last night
inné	yesterday	anuraidh	last year

Ceacht a hOcht Lesson Eight

Cár chuir tú é? Where did you put it ?

Leathanach 2 Page 2

Comhrá 1

D: A Mháire!

M: Sea, a Dhaidí?

D: Ar chuir tú an cupán ar an mbord?

M: Chuir. Tá sé ar an mbord anois.

D: Ar chuir tú an ghloine ar an mbord?

M: Níor chuir. Tá sí sa chistin fós.

Comhrá 2

A: Cá bhfuil an t-úll?

B: D'ith mé é. Is breá liom úlla.

A: Ar ól tú an tae freisin?

B: Níor ól. Ní maith liom an tae.

A: Cár chuir tú é?

B: D'fhág mé sa chistin é.

Comhrá 3

S: Dia duit a Nuala!

N: Dia 's Muire duit, a Sheáin!

S: Conas tá tú?

N: Tá tuirse orm.

S: Ar éirigh tú go moch ar maidin?

N: D'éirigh.

S: Ar ith tú rud ar bith?

N: Níor ith, ach d'ól mé cupán tae.

Comhrá 4

A: Ní raibh tú sa bhaile ar maidin.

B: Ní raibh. D'fhág mé an teach go moch.

A: Cad a rinne tú ar maidin?

B: D'ól mé cupán tae agus shiúil mé sa pháirc.

A: Nár ith tú an bricfeasta?

B: D'ith. D'ith mé arán le h-im.

Conversation 1

Mary!

Yes, Daddy?

Did you put the cup on the table?

Yes. It's on the table now.

Did you put the glass on the table?

No. It's still in the kitchen.

Conversation 2

Where's the apple?

I ate it. I love apples.

Did you drink the tea, too?

No. I don't like the tea.

Where did you put it?

I left it in the kitchen.

Conversation 3

Hi, Nuala!

Hi, Sean!

How are you?

I'm tired.

Did you get up early in the morning?

Yes.

Did you eat anything?

No, but I drank a cup of tea.

Conversation 4

You weren't at home in the morning.

No. I left the house early.

What did you do in the morning?

I drank a cup of tea

and walked in the park.

Didn't you eat breakfast?

Yes. I ate bread with butter.